Office of the Director of Public Prosecutions

Leabhrán Faisnéise d'Iarrthóirí

Léigh go cúramach

# Ceannasaí ar Acmhainní Daoine agus ar Fhorbairt Eagraíochtúil

Tá Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí tiomanta do bheartas comhdheiseanna.

Déanfaidh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí an comórtas seo a reáchtáil i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Cheapacháin do Phoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí arna fhoilsiú ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CPSA).

**Tá na cóid chleachtais foilsithe ag an CPSA agus tá siad ar fáil ag www.cpsa.ie**

Sprioc-am agus spriocdháta: 3:30 p.m. Dé hAoine an 30ú Iúil 2021

DÉAN TEAGMHÁIL LE: HR.mailbox@dppireland.ie

Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
**Bóthar na hOtharlainne, Baile Átha Cliath 7**

**www.dppireland.ie**

CLÁR ÁBHAIR

Leathanach

Cuid 1: Forbhreathnú ar Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí 3

Cuid 2: Sonraíocht Poist 4

Cuid 2: Príomhfhreagrachtaí 4

Cuid 3: Ceanglais maidir leis an Ról 5

Cuid 4: Incháilitheacht don Chomórtas 5

Cuid 5: Príomhchoinníollacha Seirbhíse 7

Cuid 6: An Próiseas Iarratais agus Roghnúcháin 12

Cuid 7: Cearta Iarratasóirí 16

Cuid 8: Oibleagáidí na nIarratasóirí 16

Cuid 9: Na hAchtanna um Chosaint Sonraí 17

Aguisín 1 Inniúlachtaí agus Ráiteas Pearsanta 18

## CUID 1: Forbhreathnú ar Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

Is é bunfheidhm an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí treoir agus maoirseacht ionchúiseamh poiblí agus ábhair choiriúla ghaolmhara. Faightear formhór na gcásanna a ndéileálann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí leo ón nGarda Síochána, an phríomhghníomhaireacht imscrúdaithe náisiúnta. Mar sin féin, déanann gníomhaireachtaí imscrúdaithe speisialaithe roinnt cásanna a tharchur chuig an Oifig lena n-áirítear na Coimisinéirí Ioncaim, ranna Rialtais, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach, Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus údaráis áitiúla.

Tá ceithre rannóg dlí in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí:

Cinneann **An Rannán Stiúrtha,** tar éis scrúdú a dhéanamh ar chomhad imscrúdaithe, ar cheart ionchúiseamh a dhéanamh nó ar cheart ionchúiseamh a thionscain an Garda Síochána a choinneáil.

Soláthraíonn **An Rannán Aturnaetha**, faoi cheannas an Phríomh-Aturnae Ionchúisimh seirbhís aturnae don Stiúrthóir agus é ag ullmhú agus ag cur i láthair cásanna i gCúirteanna Coiriúla Dúiche agus Cuarda Bhaile Átha Cliath, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus sa Chúirt Choiriúil Speisialta, sa Chúirt Achomhairc agus san Ard-Chúirt agus sa Chúirt Uachtarach.

Ionchorpraítear **sa Rannán Seirbhísí Tacaíochta Ionchúiseamh** Aonad Idirchaidrimh Íospartach 2017, an tAonad Idirnáisiúnta a dhéileálann le réimsí den dlí coiriúil idirnáisiúnta agus an tAonad um Beartas Ionchúiseamh agus Taighde a dhéanann taighde dlí, agus a thugann tacaíocht d'fhorbairt foirne riaracháin beartais dlí.

Soláthraíonn **An Rannán Riaracháin** na seirbhísí eagrúcháin, bonneagair, riaracháin agus faisnéise a éilíonn an Oifig agus soláthraíonn sé tacaíocht freisin do na Rannáin Stiúrtha, Seirbhísí Tacaíochta Ionchúiseamh agus Aturnaetha.

## CUID 2: Sonraíocht Poist

### An Ról

Ag tuairisciú do Cheann na Rannóige Riaracháin, beidh ról ceannaireachta lárnach ag an gCeannasaí ar Acmhainní Daonna (AD) agus ar Fhorbairt Eagraíochtúil (FE) i bhforbairt agus i gcur chun feidhme straitéisí AD agus FE laistigh d'Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Beifear ag súil go bhforbróidh an duine a cheapfar freagraí chun freastal ar dhúshláin straitéiseacha a eascróidh as an timpeallacht éabhlóideach ina bhfeidhmíonn an Oifig, go háirithe maidir le húsáid mhéadaithe na teicneolaíochta, agus cinneadh an Rialtais glacadh le moltaí an Choimisiúin maidir le Todhchaí na Póilíneachta in Éirinn.

Tá an Oifig tiomanta timpeallacht oibre a chothabháil a chabhródh le foireann tháirgiúil agus chomhlíonta a choinneáil ag gráid ghairmiúla, theicniúla agus riaracháin agus saothraíonn sí na straitéisí riachtanacha um fhorbairt acmhainní daonna agus eagrúcháin chun an cuspóir sin a bhaint amach. Beifear ag súil go soláthróidh an Ceannasaí AD agus FE, go háirithe, ceannaireacht i gcur chun cinn leanúnach an chultúir a thacaíonn le forbairt ghairmiúil agus a uasmhéadaíonn deiseanna d'fhostaithe na hOifige cur go dearfach le seachadadh seirbhíse ionchúiseamh den scoth. Beidh an Ceannasaí AD agus FE mar bhonn agus taca leis an gcultúr sin agus é ag tacú le forbairt leanúnach ar chumas ceannaireachta agus bainistíochta ar fud na hOifige agus ag lorg bealaí chun teicneolaíochtaí atá ann cheana agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a ghiaráil chun éifeachtúlacht a uasmhéadú.

### Príomhfhreagrachtaí

Áireofar an méid a leanas ar na príomhdhualgais agus freagrachtaí:

- Feidhmeanna Acmhainní Daonna agus Forbairt Eagraíochtúil a threorú;
- Bheith mar phríomh-shaineolaí na hOifige ar fhorbairtí AD agus FE sa státseirbhís agus, freisin, maidir le treochtaí i bhforbairtí go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta;
- Earcaíocht, ionduchtú agus forbairt gairme na bhfostaithe a threorú i gcomhréir leis an gcleachtas is fearr, lena n-áirítear Cód Cleachtais an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí;
- Tacú leis na comórtais earcaíochta do phainéil abhcóidí agus earcú aturnaetha stáit;
- Cumas ceannaireachta agus bainistíochta a neartú ar fud na hOifige;
- Ceannaireacht a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chur chun feidhme chultúr na foghlama leanúnaí agus na forbartha gairmiúla leanúnaí, ag uasmhéadú na n-acmhainní atá á bhforbairt go lárnach ag an Státseirbhís;
- Meicníochtaí a fhorbairt chun na deiseanna d'fhostaithe a uasmhéadú chun cur go dearfach le hobair na hOifige;
- Tionscnaimh chumarsáide a fhorbairt, a chothabháil agus a chur chun cinn a chinntíonn go soláthraítear faisnéis éifeachtach thráthúil d'fhostaithe agus, nuair is infheidhme,d'aturnaetha stáit;
- A chinntiú go bhfuil córais i bhfeidhm ar fud na hOifige chun rannpháirtíocht ghníomhach fostaithe a éascú;
- Ceannaireacht éifeachtach a sholáthar ar chúrsaí caidrimh le fostaithe;
- Forbairt agus cur chun feidhme leanúnach tionscnamh chun tacú le folláine fostaithe agus aird ar leith á tabhairt ar chineál an ábhair agus na hidirghníomhaíochta a éiríonn as ionchúisimh choiriúla;
- A bheith i gceannas ar fhorbairt Phleanáil an Fhórsa Saothair agus aird ar leith á tabhairt ar an bhféidearthacht go dtiocfaidh méadú suntasach ar raon feidhme oibríochta na hOifige ag eascairt as moltaí an Choimisiúin maidir le Todhchaí na Póilíneachta in Éirinn;
- Fócas leanúnach a choinneáil ar phlean comharbais cuimsitheach don Oifig chun a chinntiú go bhfuil na scileanna agus an tallann riachtanach i bhfeidhm nuair is gá;
- Tionscnaimh athraithe a chomhordú ar fud na heagraíochta le fócas ar leith ar bhuntáistí na teicneolaíochta a ghiaráil chun éifeachtúlacht a mhéadú;
- Tacú le forbairt phlean Straitéiseach na hOifige agus pleanáil ghnó bhliantúil;
- Monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le cuspóirí AD agus FE a sheachadadh agus tuairisciú go rialta don Bhord Bainistíochta; agus
- Comhairle a sholáthar don ardbhainistíocht maidir le gach saincheist AD agus FE.

## CUID 3: Ceanglais maidir leis an Ról

Le bheith incháilithe le breithniú le haghaidh ceapacháin don ról seo mar iarrthóir **<u>ní mór</u>** an méid a leanas a bheith ag iarratasóir:

- Cáilíocht ag Leibhéal 8 (Bunchéim) ar a laghad de mhórdhámhachtainí an Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) nó a choibhéis, i réimse na nAcmhainní Daonna, na Ceannaireachta nó na Forbartha Eagraíochtúla.
- Taithí oibre ábhartha 5 bliana le déanaí in acmhainní daonna, forbairt eagraíochtúil nó róil rannpháirtíochta fostaithe.
- Scileanna bainistíochta agus ceannaireachta den scoth le cumas cruthaithe chun machnamh agus gníomhú go straitéiseach agus straitéisí a aistriú go pleananna gnó tosaíochta.
- Taithí i ndearadh agus i seachadadh clár eagraíochta agus claochlaithe, lena n-áirítear pleanáil fórsa saothair, dearadh eagraíochta, bainistíocht daoine, bainistíocht tallainne, feabhsú feidhmíochta, straitéis foghlama agus forbartha, pleanáil comharbais agus rannpháirtíocht fostaithe.
- Scileanna láidre bainistíochta geallsealbhóirí, idir inmheánach agus sheachtrach, mar aon le fís thiomanta agus scileanna cumarsáide idirphearsanta den scoth.
- Tuiscint chruthaithe ar chomhthéacs an chaidrimh fhioscaigh, reachtaigh agus tionsclaíoch atá ag teacht chun cinn mar bhonn agus mar thaca ag AC agus FE sa státseirbhís i gcoitinne.
- Cumas cruthaithe oibriú i dtimpeallacht oibre atá ag athrú go tapa.
- Scileanna eagrúcháin ardfhorbartha le cumas cruthaithe príomhthosaíochtaí a aithint agus a sheachadadh in am.

### <u>Inmhianaithe</u>

- Cáilíocht Leibhéal 9 ar mhórcháilíochtaí dámhachtainí ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (Céim Mháistreachta nó dioplóma iarchéime) nó cáilíocht ghairmiúil i réimse na nAcmhainní Daonna, na Ceannaireachta nó Forbartha Eagraíochta.
- Taithí oibre i roinnt eagraíochtaí.
- Taithí chruthaithe ar oibriú go díreach le bainisteoirí leibhéal an Bhoird.
- Tuiscint inléite ar thimpeallacht an cheartais choiriúil ina bhfeidhmíonn Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

| |
|---|
| Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara nach dtugann iontráil don chomórtas le tuiscint go gcomhlíonann siad na critéir incháilitheachta. Dá bhrí sin, ba cheart d'iarrthóirí iad féin a shásamh go gcomhlíonann siad na critéir incháilitheachta don chomórtas seo. |

**Ní mór d'iarrthóirí na príomhinniúlachtaí maidir le feidhmíocht éifeachtach ar an leibhéal seo a thaispeáint mar atá mionsonraithe in Aguisín 1.**

## CUID 4: Incháilitheacht don Chomórtas

**<u>An cháilitheacht chun dul in iomaíocht agus srianta áirithe ar cháilitheacht.</u>**

**Riachtanais Saoránachta**

Ní mór go mbainfeadh an méid a leanas le hiarratasóirí Incháilithe:

(a) Tá sé nó sí ina s(h)aoránach den Limistéir Eorpach Eacnamaíoch (LEE). Cuimsítear leis an LEE Ballstáit den Aontas Eorpach mar aon leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó
(b) Tá sé nó sí ina s(h)aoránach den Ríocht Aontaithe (RA); nó
(c) Tá sé nó sí ina s(h)aoránach de chuid na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an tAontas agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó
(d) Tá sé nó sí ina s(h)aoránach de thíortha nach tíortha den LEE nó de RA iad atá ina chéile nó ina leanbh de shaoránach LEE nó Eilvéiseach agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici; nó
(e) Tá sé nó sí ina d(h)uine ar ar dámhadh cosaint idirnáisiúnta faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 nó aon bhall teaghlaigh atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici; nó
(f) Saoránach nach saoránach de thír LEE é nó í atá ina t(h)uismitheoir ar leanbh cleithiúnach atá ina shaoránach de bhallstát LEE ina bhallstát nó de RA nó den Eilvéis agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici.

**Le bheith cáilithe ní mór d'iarrthóirí a bheith incháilithe faoi dháta aon tairisceana poist.**

**<u>Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí</u>**

Leis an litir ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe dar dáta an 28 Meitheamh 2012 chuig Oifigigh Pearsanra tugadh isteach Comhaontú Comhchoiteann, le héifeacht ón 1 Meitheamh 2012, a bhí comhaontaithe idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU) maidir le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex-gratia le Fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí. Is coinníoll é den Chomhaontú Comhchoiteann nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú cáilithe le haghaidh athfhostaithe sa tSeirbhís Phoiblí ag aon chomhlacht den tSeirbhís Phoiblí (de réir mar atá sainithe ag na hAchtanna um Beartais Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009 – 2011) le haghaidh thréimhse 2 bhliain ó fhoirceannadh na fostaíochta. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an scéim sin agus a d'fhéadfadh a bheith rathúil sa chomórtas seo a gcáilitheacht a chruthú (dul in éag thréimhse na neamh-cháilitheachta).

**<u>An Scéim Dhreasaithe um Luathscor (SDLS)</u>**

Is coinníoll é den Scéim Dhreasaithe um Luathscor (SDLS) de réir mar atá leagtha amach in Imlitir 12/09 ón Roinn Airgeadais nach bhfuil daoine ar scor cáilithe, faoin Scéim sin, cur isteach ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Dá bhrí sin, ní féidir le daoine ar scor dá leithéid cur isteach ar an bpost seo.

**<u>Imlitir ón Roinn Sláinte agus Leanaí (7/2010)</u>**

Le hImlitir 7/2010 ón Roinn Sláinte dár dáta an 1 Samhain 2010 tugadh isteach Scéim Sprioctha um Luathscor Deonach (LSD) agus Scéimeanna um Luathscor Deonach (SLSD). Is coinníoll é den scéim LSD nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim cáilithe le haghaidh athfhostaithe in earnáil na sláinte poiblí nó sa tSeirbhís Phoiblí níos leithne nó i gcomhlacht atá maoinithe ina iomláine nó go príomhúil ó chistí poiblí. Tá an toirmeasc céanna ar athfhostú infheidhme faoin scéim VRS, ach maireann an toirmeasc 7 mbliana. Níl daoine a bhain leas as an scéim VER cáilithe chun dul in iomaíocht sa chomórtas seo. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an scéim VRS agus a d'fhéadfadh a bheith rathúil sa chomórtas seo a gcáilitheacht a chruthú (dul in éag thréimhse na neamh-cháilitheachta).

**<u>An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (Imlitir LG(P) 06/2013)</u>**

Le hImlitir LG(P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil tugadh isteach Scéim um Luathscor Deonach d'Údaráis Áitiúla. I gcomhréir le téarmaí an Chomhaontaithe Chomhchoitinn: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí dar dáta an 28 Meitheamh 2012 mar atá sonraithe thuas, is coinníoll sainiúil é den Scéim LSD sin nach mbeidh daoine cáilithe le haghaidh athfhostaithe in aon Chomhlacht na Seirbhíse Poiblí [de réir mar atá sainithe ag na hAchtanna um Beartais Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009 – 2011 agus

ag an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012] le haghaidh thréimhse 2 bhliain ó dháta a n-imeachta faoin Scéim sin. Tá na coinníollacha sin infheidhme freisin i gcás rannpháirtíochta/fostaíochta ar bhonn conradh le haghaidh seirbhísí (mar chonraitheoir nó mar fhostaí conraitheora).

**Dearbhú**

Beidh ar iarrthóirí dearbhú a dhéanamh cé acu ar bhain nó nár bhain siad leas as scéim na Seirbhíse Poiblí um luathscor dreasaithe. Beidh ar iarrthóirí freisin aon teidlíochtaí a admháil maidir le sochar pinsin na Seirbhíse Poiblí (atá á íoc nó atá reoite) ó fhostaíocht ar bith eile sa tSeirbhís Phoiblí nó nuair a fuair siad íocaíocht in ionad maidir le seirbhís i bhfostaíocht ar bith na Seirbhíse Poiblí.

## CUID 5: Príomhchoinníollacha Seirbhíse

**Ginearálta**

Tá an ceapachán chuig post buan sa Státseirbhís agus ® faoi réir ag Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse 1956 go 2005, ag an Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004 agus ag aon Acht eile atá i bhfeidhm faoi láthair a bhaineann leis an Státseirbhíse.

**Tuarastal**

Beidh feidhm ag scála tuarastail an Phríomhoifigigh maidir leis an bpost seo.

Ranníocaíocht Pinsin Phearsanta (RPP)
Seo a leanas scála tuarastail RPP (Ranníocaíocht Pinsean Pearsanta) don phost le héifeacht ón 1ú Deireadh Fómhair 2020:

Scála Tuarastail an Phríomhoifigigh
€89,072 – €92,738 – €96,377 – €100,044 – €103,136 – LSI 1 €106,343 *– LSI 2 €109,547**

*D'fhéadfadh incrimintí fadseirbhíse (LS1) a bheith iníoctha tar éis 3 bliana de sheirbhís shásúil ag uasmhéid an scála.

*D'fhéadfadh incrimintí fadseirbhíse (LS2) a bheith iníoctha tar éis 6 bliana de sheirbhís shásúil ag uasmhéid an scála.

Bíonn an ráta sin infheidhme nuair is státseirbhíseach nó fostaí sa tseirbhís phoiblí an ceapaí a ceapadh an 6ú Aibreán 1995 nó tar éis sin agus nuair a éilítear air/uirthi ranníocaíocht le pinsean pearsanta a íoc. Beidh ráta éagsúil infheidhme nuair is státseirbhíseach nó fostaí sa tseirbhís phoiblí an ceapaí a earcaíodh roimh an 6ú Aibreán 1995 agus nuair **nach n-éilítear** air/uirthi Ranníocaíocht le Pinsean Pearsanta a íoc.

Ba cheart go dtabharfadh iarratasóirí dá n-aire go mbeidh iontráil ar leibhéal íosmhéid an scála agus ní bheidh sin faoi réir ag idirbheartaíocht agus d'fhéadfaí ráta an luacha saothair a choigeartú ó am go ham ar aon dul le beartas pá an Rialtais. Féadfar incrimintí a dhámhachtain go bliantúil faoi réir feidhmíochta sásúla.

Nóta Tábhachtach

D'fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith i bhfeidhm más rud é, go díreach roimh an gceapachán, go bhfuil an ceapaí i seirbhís mar Státseirbhíseach nó Seirbhíseach Poiblí cheana féin.

Íocfar riaráistí gach coicís trí Aistriú Ciste Leictreonach (ACL) isteach i gcuntas bainc de rogha an oifigigh. Ní féidir íocaíocht a dhéanamh go dtí go mbeidh uimhir chuntais bhainc agus cód sórtála bainc curtha ar fáil d'Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Déanfar asbhaintí reachtúla ón tuarastal de réir mar is cuí.

Ar do cheapachán comhaontóidh tú go ndéanfaidh tú aon ró-íocaíocht tuarastail, liúntas, nó speansas a aisíoc i gcomhréir le hImltir 07/2018: Aisghabháil Ró-íocaíochtaí Tuarastail, Liúntas, agus Speansas arna n-íoc le Baill Foirne/Iar-bhaill Foirne/Pinsinéirí.

**Suíomh**

Tá an post atá le líonadh lonnaithe i mBaile Átha Cliath.

**Tionacht agus Promhadh**

Baineann an ceapachán chuig post buan ar chonradh promhaidh sa Státseirbhís.

Mairfidh an conradh promhaidh tréimhse bliana amháin ón dáta a shonraítear ar an gconradh. D'ainneoin na míre seo agus na míre díreach ina dhiaidh seo, ní choiscfidh sé sin síneadh ar an gconradh promhaidh in imthosca iomchuí.

Le linn thréimhse do chonartha promhaidh, beidh d'fheidhmíocht faoi réir athbhreithnithe ag do mhaoirseoir(í) leis an méid a leanas a dhéanamh amach:

(i) Tar éis feidhmiú ar bhealach sásúil,
(ii) Tar éis a bheith sásúil in iompar ginearálta, agus
(iii) Oiriúnach ó thaobh na sláinte de agus aird ar leith ar shaoire bhreoiteachta.

Sula gcuirfear an conradh promhaidh i gcrích déanfar cinneadh i dtaobh an gcoinneofar tú nó nach gcoinneofar de bhun Alt 5A(2) Na hAchtanna um Rialáil Státseirbhíse 1956 – 2005. Beidh an cinneadh sin bunaithe ar d'fheidhmíocht a ndearnadh measúnú uirthi de réir na gcritéar atá leagtha amach in (i) go (iii) thuas. Míneofar mionsonraí an phróisis phromhaidh duit agus tabharfar cóip duit de threoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le promhadh.

D'ainneoin na míreanna roimhe seo san alt seo, féadfaidh ceachtar taobh an conradh promhaidh a fhoirceannadh tráth ar bith sula rachaidh téarma an chonartha in éag de réir na nAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005.

In imthosca áirithe féadfar do chonradh a shíneadh agus do thréimhse phromhaidh a chur ar fionraí. Ní mór don dá pháirtí comhaontú ar an síneadh.

- Cuirtear an tréimhse phromhaidh ar fionraí nuair a bhíonn fostaí as láthair mar gheall ar Shaoire Mháithreachais nó Uchtála
- Maidir le fostaí atá as láthair ar Shaoire do Thuismitheoirí nó Saoire Cúramóra, féadfaidh an fostaí a cheangal go gcuirfear an promhadh ar fionraí mura meastar go bhfuil an neamhláithreacht ag teacht le leanúint den phromhadh
- Féadfar promhadh a chur ar fionraí i gcásanna amhail neamhláithreacht mar gheall ar bhreoiteacht neamh-athfhillteach

Féadfaidh an fostaí, sna cúinsí sin, iarratas a dhéanamh chuig an bhfostóir ar shíneadh le tréimhse an chonartha.

Freastalóidh gach ceapaí ar thréimhse phromhaidh bliana. Má bhí ceapaí a mhainníonn coinníollacha an phromhaidh a chomhlíonadh ina státseirbhíseach ar seirbhís díreach sular ceapadh é ón gcomórtas seo, is gnách go dtiocfaidh ceist na frithdhílse chun cinn. I gcás na frithdhílse, fillfidh oifigeach ar fholúntas ag an ngrád ar a raibh siad sa Roinn ina raibh siad.

**Uaireanta Tinrimh**

Déanfar uaireanta tinrimh a shocrú ó am go ham ach ní bheidh níos lú ná 43 huaire agus 15 nóiméad ar an meán san áireamh leo ar an iomlán in aghaidh na seachtaine, lena n-áirítear sosanna lóin, nó 37 n-uaire in aghaidh na seachtaine.

Ceanglófar ar an iarratasóir rathúil cibé uaireanta breise a oibriú ó am go ham a bheidh réasúnach agus riachtanach chun a dhualgais a chomhlíonadh i gceart faoi réir na dteorainneacha atá leagtha síos sna rialacháin ama oibre.

**Saoire Bhliantúil**

30 lá oibre sa bhliain a bheidh sa liúntas saoire bliantúil. Tá an lamháltas sin, atá faoi réir ag gnáthchoinníollacha maidir le deonú saoire bliantúla, bunaithe ar sheachtain chúig lá agus níl na saoirí poiblí gnáthúla san áireamh leis.

**Saoire Bhreoiteachta**

Beidh pá le linn saoire breoiteachta arna deimhniú go ceart, ar an gcoinníoll nach bhfuil aon fhianaise ann ar éagumas buan le haghaidh seirbhíse, infheidhme ar bhonn pro rata, i gcomhréir le Rialacháin (Saoire Bhreoiteachta) (IR 124 de 2014) maidir le Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Saoire Bhreoiteachta) (Leasú) 2015 (IR 384 de 2015) agus aon imlitir ábhartha.

Éileofar ar oifigigh a bheidh ag íoc ráta Aicme A ÁSPC údarú a shíniú lena dtabharfar údarú don Roinn Coimirce Sóisialaí aon sochair a íoc atá dlite faoi na hAchtanna um Leas Sóisialta go díreach leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. Beidh íocaíocht le linn breoiteachta ag brath ar na héilimh riachtanacha a bheith déanta ag an oifigeach ar shochair árachais shóisialta chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorainneacha ama riachtanacha.

**Aoisliúntas agus Scor**

Déanfar na téarmaí agus coinníollacha aoisliúntais iomchuí a thairiscint don iarratasóir rathúil atá i réim sa Státseirbhís nuair a thairgtear an ceapachán dó/di. Go ginearálta, déanfar ceapachán do cheapaí nár oibrigh riamh sa tSeirbhís Phoiblí bunaithe ar bhallraíocht i Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí ("An Scéim Aonair"). Tá sonraí iomlána na Scéime ar fáil ag www.singlepensionscheme.gov.ie .

Nuair a d'oibrigh an ceapaí i bpost inphinsin (nach mbaineann téarmaí na Scéime Aonair leis) sa tseirbhís phoiblí sna 26 seachtaine roimh an gceapachán nó nuair atá an ceapaí ar shos gairme nó ar shaoire speisialta faoi láthair le pá nó gan phá d'fhéadfadh téarmaí éagsúla a bheith infheidhme. Socrófar teidlíocht a leithéid de cheapaithe maidir le pinsean i gcomhthéacs stair a bhfostaíochta sa tseirbhís phoiblí.

Seo a leanas na príomhfhorálacha a bhaineann le ballraíocht sa scéim Aonair:

- Aois Inphinsin: Tá an aois íosta ag a bhfuil pinsean iníoctha mar an gcéanna leis an aois incháilitheachta don Phinsean Stáit, aois 66 bliana faoi láthair.
- Aois Scoir: Ní mór do bhaill na scéime dul ar scor nuair a bhaineann siad 70 bliain d'aois amach.
- Baintear úsáid as meántuilleamh gairmréime chun sochair a ríomh (fabhraítear pinsean agus méid cnapshuime gach bliain agus déantar a rátaí a ardú gach bliain trí thagairt don CPI [praghasinnéacs tomhaltóirí]). Tá méaduithe ar phinsin tar éis scoir nasctha leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí

**Laghdú Pinsin**

- Má bhí an ceapaí fostaithe sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí roimhe sin agus má tá pinsean á fháil aige/aici ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí nó má chuirtear tús le híoc pinsin ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí le linn a t(h)réimhse athfhostaíochta beidh an pinsean sin **faoi réir ag laghdú**i gcomhréir le hAlt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. **Tabhair faoi deara: Trí iarratas a chur isteach ar an bpost seo admhaíonn tú go dtuigeann tú go mbeidh na forálacha um laghdú pinsin infheidhme, nuair atá siad ábhartha. Níl sé réamh-mheasta go dtacóidh an Roinn/Oifig is fostóir le hiarratas ar tharscaoileadh an laghdaithe maidir le ceapacháin ar an bpost seo.**

- Ach má bhí an ceapaí fostaithe roimhe sin sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí, áfach, agus má dámhadh pinsean dó/di faoi shocruithe luathscoir dheonaigh (seachas an Scéim Dhreasaithe um Luathscor (SDLS), Imlitir 7/2010 LSD/SLSD ón Roinn Sláinte, nó Imlitir LG(P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail, agus Rialtais Áitiúil, a ndéantar duine neamhcháilithe don chomórtas faoi cheann ar bith acu) cuirfear deireadh leis an

teidlíocht i leith an phinsin sin lé héifeacht ó dháta an athcheaptha. D'fhéadfaí socruithe speisialta a dhéanamh, áfach, chun seirbhís roimhe sin a thabhairt san áireamh arna tabhairt ag an gceapaí chun críocha aon dámhachtain aoisliúntais a bhféadfadh an ceapaí a bheith cáilithe ina leith.

- **Imlitir 102/2007 ón Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le Scéim um Luathscor do Mhúinteoirí**

  Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna Scéim um Luathscor do Mhúinteoirí isteach. Is é coinníoll na Scéime Luathscoir, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi Chodanna 1, 2 nó 3 den scéim sin, taobh amuigh de na cásanna atá leagtha amach i mír 10.2 agus mír 10.3 de dhoiciméid na n-imlitreacha ábhartha, agus má ghlacann sé/sí le fostaíocht ina dhiaidh sin i gcáil ar bith i réimse ar bith den earnáil phoiblí, cuirfear deireadh láithreach le híoc pinsin don duine sin faoin scéim. Cuirfear tús le híocaíochtaí pinsin arís, áfach, nuair a chríochnaíonn a leithéid d'fhostaíocht nó ar 60ú breithlá an duine, cibé acu is déanaí, ach nuair a chuirfear tús leis an bpinsean arís, beidh sé bunaithe ar sheirbhís ináirithe iarbhír an duine mar mhúinteoir (i.e. ní chuirfear na blianta breise arna ndeonú roimhe sin san áireamh maidir le ríomh na híocaíochta pinsin).

**<u>Scor ar Chúinsí Drochshláinte</u>**

Tabhair faoi deara go gceanglaítear ar aon duine a chuaigh ar scor roimhe sin ar chúinsí a bhain le drochshláinte faoi théarmaí scéim aoisliúntais a dhearbhú, ag céim tosaigh an iarratais, go bhfuil pinsean den sórt sin á fháil acu maidir leis an eagraíocht atá ag riaradh an chomórtais earcaíochta.

Ceanglófar ar iarrthóirí freastal ar oifig an phríomhoifigh leighis (POL) chun a gcumas a mheas maidir le seirbhís rialta agus éifeachtach a sholáthar, ag cur san áireamh an riocht a cháiligh iad le haghaidh scoir ar chúinsí drochshláinte.

*Ceapachán tar éis scoir ar chúinsí drochshláinte ón Státseirbhís:*

Má éiríonn lena (h)iarratas sa chomórtas, ba chóir go mbeadh an t-iarrthóir ar an eolas faoi na rudaí a leanas:

- Má mheastar go bhfuil sé nó sí oiriúnach chun seirbhís rialta éifeachtach a sholáthar agus post sannta dó nó di, scoirfear a bpinsean sa státseirbhís ar chúinsí drochshláinte.
- Má mhainníonn an t-iarrthóirí promhadh a chur i gcrích ina dhiaidh sin nó má chinneann sé nó sí an post atá sannta dó nó di a fhágáil, ní féidir aon aisiompú a dhéanamh ar an stádas scoir sa státseirbhís, ar chúinsí drochshláinte ná ní féidir pinsean scoir ar chúinsí drochshláinte na státseirbhíse a athbhunú, ar ais chuig an cás mar a bhí roimh an iarratas ná níl teidlíocht ar a leithéid.
- Tiocfaidh an t-iarrthóir chun bheith ina bhall den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSPA) ar cheapachán má tá briseadh sa tseirbhís phoiblí/shibhialta inphinsin de níos mó ná 26 seachtain.

*Ceapachán tar éis scoir ar chúinsí drochshláinte ón tseirbhís phoiblí:*

- Sa chás go ndeachaigh duine ar scor ó chomhlacht seirbhíse poiblí ar fhoras na drochshláinte d'fhéadfadh a p(h)insean ón bhfostaíocht sin a bheith faoi réir ag athbhreithniú i gcomhréir le rialacha um scor drochshláinte laistigh den scéim sin.
- Má éiríonn le hiarratasóir, ar cheapachán iarrfar ar an iarratasóir a dhearbhú an bhfuil pinsean seirbhíse poiblí á fháil aige (drochshláinte nó eile) agus d'fhéadfadh a phinsean seirbhíse poiblí a bheith faoi réir laghdaithe.
- Tiocfaidh an t-iarrthóir chun bheith ina bhall den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSPA) ar cheapachán má tá briseadh sa tseirbhís phoiblí/shibhialta inphinsin de níos mó ná 26 seachtain.
- Tabhair faoi deara gur féidir teacht ar eolas níos mionsonraithe maidir le himpleachtaí a bhaineann leis an bpinsean dóibh siúd a bhfuil pinsean na státseirbhíse nó na seirbhíse poiblí ar chúinsí a bhaineann le drochshláinte ag an nasc seo nó arna iarraidh sin ar Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

## Fabhrú Pinsin

Beidh teorainn 40 bliain infheidhme ar sheirbhís iomlán ar féidir í a chur san áireamh chun pinsean a ríomh nuair a bhí duine ina b(h)all i scéim phinsin na seirbhíse poiblí a bhí ann cheana (i.e. scéim nach raibh ina Scéim Aonair) i gcomhréir le hAcht 2012. Déantar foráil don teorainn 40 bliain sin san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. D'fhéadfadh impleachtaí a bheith ag baint leis sin do cheapaí ar bith a fuair cearta pinsin i bhfostaíocht roimhe sin sa tseirbhís phoiblí.

## Ranníocaíocht Bhreise le hAoisliúntas

Tá an ceapachán seo faoi réir ag Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais (RBA) i gcomhréir leis an Acht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí 2017. Tabhair faoi deara: Tá asbhaintí RBA sa bhreis ar aon ranníocaíochtaí pinsin (príomhscéim agus ranníocaíochtaí céilí agus leanaí) a éilítear faoi rialacha do scéime pinsin.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise a fháil faoi Scéim Phinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí féach an láithreán gréasáin a leanas: www.singlepensionscheme.gov.ie

## Rúndacht agus Caighdeáin Iompair: Rúndacht agus Macántacht Oifigiúil

Le linn théarma an chonartha phromhaidh, beidh oifigeach faoi réir ag forálacha an Achta um Rúin Oifigiúla, 1963, arna leasú ag na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 2014. Comhaontóidh an t-oifigeach gan aon fhaisnéis rúnda a nochtadh do thríú páirtithe le linn na tréimhse fostaíochta nó tar éis sin.

**Cód na Státseirbhíse um Chaighdeáin agus Iompar**

Beidh an ceapaí faoi réir ag Cód na Státseirbhíse um Chaighdeáin agus Iompar.

## Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí

Beidh na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí infheidhme, nuair is iomchuí, leis an bhfostaíocht seo.

## Faomhadh roimh ré um fhoilseacháin

Comhaontóidh oifigeach gan ábhar a fhoilsiú a bhaineann lena c(h)uid dualgas oifigiúil gan fhaomhadh roimh ré ó Cheann na hOifige/na Roinne.

Gníomhaíocht Pholaitiúil

Le linn théarma na fostaíochta, beidh an t-oifigeach faoi réir ag na rialacha lena rialaítear státseirbhísigh agus polaitíocht.

**Tabhair faoi deara:**

Mar Fhostóir Roghanna tá go leor beartas oibre solúbtha agus oiriúnach do theaghlaigh ag an Státseirbhís lena n-áirítear roinnt deiseanna le haghaidh cianoibre. Tabhair faoi deara, féadfaidh iarratasóirí rathúla deiseanna oibre solúbtha a iarraidh, áfach, is faoi rogha an fhostóra é seo agus déantar cinneadh de réir riachtanais ghnó na heagraíochta, agus ar bhonn cás ar chás.

| **NÓTA TÁBHACHTACH** |
| --- |
| **Is ionann an méid thuas agus príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl sé beartaithe le bheith ina liosta cuimsitheach de théarmaí agus coinníollacha uile na fostaíochta a leagfar amach sa chonradh fostaíochta a chomhaontófar leis an iarratasóir rathúil(leis na hiarratasóirí rathúla).** |

## CUID 6: An Próiseas Iarratais agus Roghnúcháin

**Conas Iarratas a Chur Isteach**

Ba cheart iarratais a chur isteach **le ríomhphost** chuig **HR.Mailbox@dppireland.ie** Ní mór gach cuid den fhoirm a chomhlánú ina hiomláine.

**Ní ghlacfar le foirmeacha iarratais tar éis an dáta dheiridh.**

**Dáta Deiridh**

**Ní mór d'iarratas a chur isteach le ríomhphost chuig** **HR.Mailbox@dppireland.ie** tráth nach déanaí ná **3:30 p.m., Dé hAoine an 30ú Iúil 2021**. Mura bhfaigheann tú admháil go bhfuarthas d'iarratas laistigh de 24 huaire ón iarratas a chur isteach, déan teagmháil le: Pamela O'Connor (087) 333 2209, Yvonne Corrigan (087) 227 5029 nó Joseph O'Connor (087) 719 6113

**Is dócha go reáchtálfar agallaimh le haghaidh na bpost seo i Mí Lúnasa 2021.**

Ba cheart go mbeadh iarratasóirí ar fáil ar an dáta(na dátaí) atá sonraithe ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus ba cheart dóibh a áirithiú go bhfuil na sonraí teagmhála ar an bhfoirm iarratais ceart.

**Iarrthóirí ar mian leo Cóiríocht Réasúnta a úsáid**

Iarrtar ar iarrthóirí ar mian leo leas a bhaint as cóiríocht réasúnach tuarascáil síceolaí/leighis a chur isteach Is é cuspóir na tuarascála gníomhú mar bhunús chun socruithe réasúnacha a chinneadh nuair is iomchuí. Ba chóir na tuarascálacha sin a chur ar aghaidh chuig Pamela O'Connor, Aonad Acmhainní Daonna agus Oiliúna, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, Bóthar na hOtharlainne, Baile Átha Cliath 7 D07 FHN8.

**Próiseas Roghnúcháin**

Ba cheart d'iarratasóirí machnamh cúramach a dhéanamh ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil sa Leabhrán Faisnéise seo d'Iarratasóirí a bhaineann leis an ról, go háirithe an creat inniúlachta in Aguisín 1. Is ar mhaithe le gach iarratasóir é a chinntiú go soláthraítear ar a f(h)oirm iarratais cuntas mionsonraithe agus cruinn ar thaithí, inniúlachtaí, éachtaí agus cáilíochtaí.

Breithneofar an fhaisnéis a chuirtear ar fáil san fhoirm iarratais sin le linn na gcéimeanna éagsúla den phróiseas roghnúcháin mar a leanas:

**Incháilitheacht a Chinneadh**

Seiceálfar iarratais chun a fháil amach ar comhlíonadh na riachtanais incháilitheachta atá leagtha amach sa Leabhrán Faisnéise d'Iarratasóirí.

**Gearrliostú**

De ghnáth sáraíonn líon na n-iarratas a fhaightear le haghaidh poist an líon a theastaíonn chun folúntais reatha agus amach anseo sa phost a líonadh. Cé go bhféadfadh iarrthóir critéir cháilitheachta an chomórtais a chomhlíonadh, mura mbeadh sé praiticiúil de bharr líon na ndaoine atá ag cur isteach ar phost chun gach duine a agallamh, d'fhéadfadh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a shocrú gan ach líon níos lú a ghlaoch chuig an gcéad chéim eile den phróiseas roghnúcháin. Ceapfar Bord Gearrliosta, ar a mbeidh comhaltaí ó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus ball seachtrach, chun gearrliosta a dhéanamh do na hiarratasóirí le cuireadh chun agallaimh

Agus cinneadh á dhéanamh aige maidir le hiarratasóirí a chur ar ghearrliosta, scrúdóidh an Bord Gearrliosta foirm iarratais an iarratasóra agus measúnóidh sé an t-ábhar seo i gcoinne na riachtanas don ról mar atá leagtha amach sa

Leabhrán Faisnéise, agus sainaithneoidh sé na hiarratasóirí is fearr a léirigh gur chomhlíon siad na riachtanais don ról mar atá leagtha amach sa leabhrán faisnéise.

D’fhonn a bheith ar an ngearrliosta, beifear ag súil go mbeidh fianaise mhaith ann chun tacú le gach ceann de na hinniúlachtaí i.e.: -

- tá na samplaí a chuir an t-iarratasóirí ar aghaidh ar leibhéal iomchuí;
- tá fianaise ann maidir le rannchuidiú pearsanta sna samplaí a cuireadh ar fáil;
- léiríonn na samplaí fianaise ar go leor de na táscairí feidhmíochta éifeachtacha a aibhsíodh sna tuairiscí inniúlachta; agus
- léiríonn an t-iarratas tuiscint ar na dúshláin atá roimh an iarrthóir sa ról seo.

**Agallamh**

Ceapfar Bord Agallaimh, ar a mbeidh comhaltaí ó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus ball seachtrach. Ag an agallamh, féadfaidh an Bord Agallaimh iarratasóirí a cheistiú faoina gcuid eolais agus taithí a bhaineann le haon cheann de na hinniúlachtaí nó na bunriachtanais mar atá leagtha amach sa Leabhrán Faisnéise agus faoi aon cheann de na samplaí a chuirtear ar fáil ina n-iarratas.

Ceanglófar ar iarratasóirí a ghlaofar chun agallaimh cur i láthair a dhéanamh bunaithe ar an ráiteas pearsanta atá ina bhfoirm iarratais. Ní rachaidh an cur i láthair thar 7-8 nóiméad.

Mar gheall ar an bpaindéim COVID-19, déanfar agallaimh don chomórtas seo trí úsáid a bhaint as bogearraí físchomhdhála agus mairfidh siad thart ar 45 nóiméad.

Bronnfar na marcanna a thaispeántar sa Leabhrán Faisnéise ar gach ceann de na hinniúlachtaí agus cuirfidh siad ábhar na foirme iarratais, an ráitis phearsanta agus an agallaimh san áireamh.

Níl sé i gceist an cur i láthair, an t-agallamh ná an fhoirm iarratais a scóráil ar leithligh le linn an phróisis roghnúcháin dheiridh.

Tabharfar an cur i láthair ag tús an agallaimh. Ní cheadófar d’iarratasóirí sleamhnáin a thaispeáint le linn an agallaimh ná smeach-chairt nó meán amhairc eile a úsáid.

**An Scéim Mharcála**

Déanfar gach iarrthóir a mheas faoi na cúig cheannteideal a thaispeántar sa tábla thíos. Bronnfar 50 marc ar a mhéad faoi gach ceannteideal. Agus marcanna á ndámhachtain, tabharfaidh an bord roghnúcháin aird ar leith ar ghnóthachtálacha a leagann iarratasóirí béim orthu agus a bhfuil baint shoiléir acu le tosaíochtaí na hOifige mar atá mínithe i Ráiteas Straitéise 2019 – 2021.

| Inniúlacht | Marcanna |
|---|---|
| Ceannaireacht agus Treorú Straitéiseach | 50 |
| Breithiúnas agus Cinnteoireacht | 50 |
| Bainistíocht agus Seachadadh Torthaí | 50 |
| Caidrimh agus Cumarsáid a Chothú | 50 |
| Eolas Speisialtóra, Saineolas agus Féinfhorbairt | 50 |

Cuirfidh an marc do gach inniúlacht ábhar na foirme iarratais, an ráitis phearsanta agus an agallaimh san áireamh.

Tá níos mó sonraí maidir leis na hinniúlachtaí atá á lorg agus maidir leis an Ráiteas Pearsanta le fáil in Aguisín 1. Agus samplaí á soláthar maidir le gach inniúlacht a liostaítear thuas ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an gcur síos a thugtar in **Aguisín 1.**

**Ar an bhfoirm iarratais cuirtear béim ar theorainneacha líon focal do na rannáin ar Inniúlachtaí agus ar an Ráiteas Pearsanta. Tá teorainn líon focal 300 ann maidir le gach Inniúlacht agus teorainn líon focal 500 ann don Ráiteas Pearsanta. Má sháraítear na teorainneacha focal in iarratas féadtar a mheas go bhfuil sé neamh-incháilithe le breithniú.**

D’fhonn cáiliú, ní mór d’iarratasóirí leath na marcanna ar a laghad a fháil i ngach ceann de na hinniúlachtaí dá dtagraítear thuas.

Féadfaidh iarratasóirí tarraingt ar thaithí oibre ábhartha agus/nó eispéiris a fuarthas lasmuigh dá dtaithí oibre chun a gcumas nó a n-acmhainneacht a léiriú.

**<u>Rúndacht</u>**

Faoi réir ag forálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003, caithfear le hiarratais faoi bhrí na mionn.

**<u>Imréiteach Slándála</u>**

Éileofar ort foirm Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a chomhlánú agus a chur ar ais dá mbreithneofaí tú le haghaidh ceapacháin. Seolfar an fhoirm sin chuig an nGarda Síochána le haghaidh seiceálacha slándála maidir le gach seoladh i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann ag a raibh tú i do chónaí. Mar sin féin, mura n-éireoidh le d’iarratas ar an gcomórtas scriosfaidh an Oifig an fhoirm seo. Má dhéantar machnamh ort ina dhiaidh sin ar phost eile, b’fhéidir go n-iarrfar ort mar sin Foirm um Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a chomhlánú arís eile. Má chónaigh tú i dtíortha lasmuigh de Phoblacht na hÉireann ar feadh tréimhse 6 mhí nó níos mó, tá sé éigeantach duit Deimhniú Imréitigh Póilíní a sholáthar ó na tíortha sin ina luaitear nach bhfuil aon chiontuithe taifeadta i do choinne agus tú i do chónaí ann. Beidh ort Deimhniú Imréitigh Póilíní ar leithligh a sholáthar do gach tír ina raibh cónaí ort. Caithfear dáta an imréitigh a bheith tar éis an dáta a d’fhág tú an tír. Ba chóir go mbeadh a fhios ag iarratasóirí gur féidir aon fhaisnéis a fhaightear i bpróiseas Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a chur ar fáil don údarás fostaíochta. Is ORTSA atá an fhreagracht imréitigh slándála a lorg go tráthúil mar is féidir leo roinnt ama a thógáil. Ní féidir tú a cheapadh gan an fhaisnéis sin a sholáthar agus a bheith in ord.

**<u>Teistiméireachtaí</u>**

Bheadh sé úsáideach dá dtosófá ag smaoineamh ar ainmneacha daoine a bheadh ina moltóirí oiriúnacha, d’fhostóir reatha san áireamh agus a bhféadfaimis dul i gcomhairle leo (3 ainm agus sonraí teagmhála). Ba cheart go mbeadh na moltóirí in ann faisnéis réasúnta le déanaí a sholáthar maidir le d’fheidhmíocht agus d’iompar i gcomhthéacs oibre. B’fhéidir gur mhaith leat moltóirí a roghnú a fhéadfaidh faisnéis den sórt sin a sholáthar ó pheirspictíochtaí difriúla nó i gcomhthéacsanna oibre éagsúla. Bí cinnte nach rachaimid i dteagmháil le moltóirí ach go díreach sula dtairgfear ceapachán duit, má thagann tú faoi bhreithniú le haghaidh ceapacháin.

**<u>Faisnéis thábhachtach eile</u>**

Ní bheidh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí freagrach as aon chostais a aisíoc a thabhaíonn iarratasóirí.

Ní thugtar le tuiscint, trí dhuine a ghlacadh isteach i gcomórtas, nó trí chuireadh a thabhairt chun freastal ar agallamh, go bhfuil Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí sásta go gcomhlíonann a leithéid de dhuine ceanglais an chomórtais nó nach bhfuil sse/sí dícháilithe faoin dlí ón bpost a ghlacadh agus ní bhaineann aon ráthaíocht leis go mbreithneofar d’iarratas a thuilleadh. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go dtugann tú faoi deara go bhfuil an dualgas ortsa chun a áirithiú go gcomhlíonann tú na ceanglais cháilitheachta don chomórtas sula bhfreastalaíonn tú ar agallamh. Mura gcomhlíonann tú na ceanglais iontrála riachtanacha sin ach ina dhiaidh sin is uile freastalaíonn tú ar agallamh tabhóidh tú speansais neamhriachtanacha.

Roimh iarratasóir a cheapadh mar Ionchúisitheoir, déanfaidh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a leithéid d'fhiosrúcháin uile a mheastar riachtanach chun oiriúnacht an iarratasóra sin a chinneadh. Go dtí go ndéanfar gach céim den phróiseas earcaíochta a chríochnú ní féidir cinneadh deiridh a dhéanamh agus ní féidir a mheas nó a bhaint as ach oiread go ndearnadh a leithéid de chinneadh.

Dá ndéanfadh an duine a mholtar don cheapachán é a dhiúltú, nó tar éis dó/di é a ghlacadh, má éiríonn an duine as nó má thagann folúntas breise chun cinn d'fhéadfadh an Bord, faoina rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh le haghaidh ceaptha ar thorthaí an phróisis roghnúcháin sin.

## CUID 7: Cearta Iarratasóirí - Nósanna Imeachta Athbhreithnithe maidir leis an bPróiseas Roghnúcháin

Breithneoidh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí iarratais ar athbhreithniú i gcomhréir le forálacha na gcód cleachtais arna bhfoilsiú ag CCSP. Tá na Cóid Chleachtais ar fáil ar láithreán gréasáin an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí http://www.cpsa.ie/

Nuair a bhíonn iarrthóir míshásta le beart nó le cinneadh maidir le hiarratas, is féidir leis/léi athbhreithniú a iarraidh faoi Alt 7 den chód cleachtais.

- Ní mór don iarrthóir an imní atá air/uirthi faoin bpróiseas a chur in iúl i scríbhinn, agus an bunús le haghaidh an ghearáin á leagan amach, chuig an Oifigeach Pearsanra, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, ar an gcéad ásc. Ní mór gearán nó iarratas ar athbhreithniú a dhéanamh laistigh de 10 lá oibre ón bhfógra faoin gcinneadh tosaigh nó laistigh de 5 lá oibre ó thoradh chéim an athbhreithnithe neamhfhoirmiúil, má bhaintear leas as sin.
- Nuair a bhaineann an cinneadh atá á chur in iúl le céim eatramhach den phróiseas roghnúcháin, áfach, ní foláir nó go bhfaightear iarratas ar athbhreithniú laistigh de 4 lá oibre ó dháta fála an chinnidh nó laistigh de 2 lá oibre ó chinneadh a fháil faoin bpróiseas neamhfhoirmiúil; ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn chun leas a bhaint as an bpróiseas neamhfhoirmiúil sin a dhéanamh laistigh de 2 lá oibre ó chur in iúl an chinnidh dóibh.
- Ba cheart don athbhreithneoir tosaigh, agus an toradh á chur in iúl aige/aici don iarrthóir, rud a dhéanfar le tuarascáil i scríbhinn, a léiriú gur féidir leis an iarrthóir athbhreithniú breise a iarraidh tríd an t-ábhar a chur faoi bhráid an Eadránaí Cinntí agus nach mór iarratas chun sin a dhéanamh a dhéanamh laistigh de 7 lá oibre ó fháil thoradh an athbhreithnithe thosaigh.

Nuair a chreideann iarratasóir gur sháraigh gné den phróiseas cód cleachtais CCSP, is féidir leis/léi a iarraidh go ndéantar é a imscrúdú faoi Alt 8 den chód ag CCSP.

## CUID 8: Oibleagáidí na nIarrthóirí

Ba cheart d'iarratasóirí a thabhairt faoi deara go ndéanfar canbhasáil iad a dhícháiliú agus go ndéanfar iad a fhágáil amach as an bpróiseas mar thoradh uirthi.

Ní foláir nó nach ndéanann iarrthóirí na nithe leanas:

faisnéis bhréagach a sholáthar d'aon ghnó nó gan smaoineamh
aon duine a chanbhasáil le dreasachtaí nó gan iad
cur isteach ar an bpróiseas nó é a chur i mbaol ar dhóigh ar bith

Ní foláir nó nach ndéanann tríú páirtí iarrthóir a phearsanú ag céim ar bith den phróiseas.

Beidh aon duine a sháraíonn na forálacha thuas nó a chuidíonn le duine eile na forálacha thuas a shárú ciontach i gcion. Aon duine a fhaightear ciontach i gcion d'fhéadfaí fíneáil/príosúnacht a ghearradh air/uirthi.

Sa bhreis air sin, má bhí an duine a fuarthas ciontach i gcion ina a (h)iarrthóir ag próiseas earcaíochta, nó más iarrthóir fós é/í, ansin:

- nuair nach ndearnadh é/í a cheapadh ar phost, dícháileofar é/í mar iarrthóir; agus
- Nuair a rinneadh é/í a cheapadh tar éis an phróisis earcaíochta atá i gceist, déanfaidh sé/sí an ceapachán sin a ghéilleadh.

**Tarraingt siar iarrthóireachta a mheas**

Maidir le hiarrthóirí nach bhfreastalaíonn ar agallamh nó ar thástáil eile ag an am agus ag an áit arna n-éileamh ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, nó nach soláthraíonn a leithéid d'fhaisnéis, nuair is gá, a theastaíonn ó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí maidir le hábhar atá ábhartha dá (h)iarrthóireacht, ní bheidh aon cheart eile acu ar bhreithniú.

**Aiseolas**

Soláthrófar aiseolas ach iarratas i scríbhinn a chur isteach.

### CUID 9: Na hAchtanna um Chosaint Sonraí

Nuair a fhaightear d'fhoirm iarratais, cruthaímid taifead i d'ainm féin, ina mbíonn go leor den fhaisnéis phearsanta atá curtha ar fáil agat. Ní bhaintear úsáid as an taifead pearsanta sin ach amháin chun d'iarrthóireacht a phróiseáil. Tá a leithéid d'fhaisnéis a choimeádtar faoi réir ag cearta agus dualgais atá leagtha amach sna hAchtanna um Chosaint Sonraí Chun iarratas a dhéanamh faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, cuir d'iarratas i scríbhinn isteach chuig: **An Comhordaitheoir um Chosaint Sonraí, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, Bóthar na hOtharlainne, Baile Átha Cliath 7,** ag cinntiú go gcuireann tú síos ar na taifid arna n-iarraidh agat chomh mionsonraithe agus is féidir ionas go gcuirfear ar ár gcumas an taifead ábhartha a shainaithint**.**

## Aguisín 1 Inniúlachtaí agus Ráiteas Pearsanta

Beidh an t-eolas, an taithí, an scil, an gnóthachtáil nó an inniúlacht ábhartha ag an iarratasóir rathúil a léiríonn go soiléir a oiriúnacht chun freastal ar dhúshláin Cheannasaí ar Acmhainní Daonna agus ar Fhorbairt Eagraíochtúil Ionchúisitheoirí in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

| **Ceannaireacht agus Treorú Straitéiseach** |
|---|
| • Stiúrann sénó sí an fhoireann, ag leagan síos ardchaighdeáin, chun aghaidh a thabhairt ar aon fhadhbanna feidhmíochta agus d'fhonn ardfheidhmíocht a éascú;<br>• Éascaíonn sé nó sí malartú oscailte smaointe agus cothaíonn sé nó sí atmaisféar na cumarsáide oscailte;<br>• Cuireann sé nó sí le múnlú straitéis agus beartas na Roinne/an Rialtais;<br>• Forbraíonn sé nó sí cumas agus acmhainn ar fud na foirne trí tharmligean éifeachtach;<br>• Forbraíonn sé nó sí cultúr foghlama agus forbartha, ag tairiscint cóitseála agus aiseolas cuiditheach/tacúil;<br>• Treoraíonn sé nó sí ar athrú agus athchóiriú suntasach a ullmhú agus a chur chun feidhme;<br>• Réamh-mheas agus freagairt go tapa ar fhorbairtí san earnáil/sa timpeallacht níos leithne;<br>• Comhoibríonn sé nó sí go gníomhach le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile. |

| **Breithiúnas agus Cinnteoireacht** |
|---|
| • Sainaithníonn agus díríonn sé nó sí ar shaincheisteanna lárnach le linn a bheith ag déileáil le faisnéis/cásanna casta;<br>• Cruinníonn sé nó sí fíricí, déanann sé nó sí faisnéis ó bhéal agus uimhriúil a ionramháil agus smaoiníonn sé nó sí ar shaincheisteanna go loighciúil;<br>• Feiceann sé nó sí na caidrimh idir saincheisteanna agus tuigeann sé nó sí go tapa na himpleachtaí ardleibhéil agus soch-pholaitiúla;<br>• Aithníonn sé nó sí réitigh chomhleanúnacha ar shaincheisteanna casta;<br>• Gníomaíonn sé nó sí, déanann sé nó sí cinntí go tráthúil agus bíonn sé de mhisneach aige nó aici réiteach a fháil orthu;<br>• Déanann sé nó sí cinntí fónta eolasacha, agus bíonn tuiscint aige nó aici ar a dtionchar agus ar a n-impleachtaí;<br>• Déanann sé nó a d(h)ícheall cothromaíocht éifeachtach a dhéanamh idir na saincheisteanna earnála, na heilimintí polaitiúla agus tionchar na saoránach i ngach cinneadh. |

| **Bainistíocht agus Seachadadh Torthaí** |
|---|
| • Tionscnaíonn agus glacann sé nó sí freagracht phearsanta as torthaí/seirbhísí a sholáthar ina réimse féin;<br>• Déanann sé nó sí straitéis agus mionsonraí oibríochta a chothromú chun freastal ar riachtanais ghnó;<br>• Bainistíonn sé nó sí cláir oibre agus tascanna iolracha agus déanann sé acmhainní a ath-leithdháileadh chun athruithe ar fhócas a bhainistiú;<br>• Baineann sé nó sí an úsáid is fearr is féidir as acmhainní agus cuireann sé nó sí bearta feidhmíochta chun feidhme chun cuspóirí a bhaint amach;<br>• Cinntíonn sé nó sí an úsáid is fearr is féidir a bhaint as TFC agus as samhlacha nua seachadta;<br>• Déanann sé nó sí athbhreithniú criticiúil ar thionscadail agus ar ghníomhaíochtaí chun a n-éifeachtacht a chinntiú agus go gcomhlíonann siad riachtanais na hEagraíochta;<br>• Cuireann sé nó sí béim ar thábhacht éifeachtúlachtaí, luach ar airgead agus freastal ar riachtanais rialachais chorparáidigh; |

| |
|---|
| • Cinntíonn sé nó sí go mbíonn an fhoireann dírithe agus ag gníomhú ar thosaíochtaí an phlean Gnó, fiú nuair a bhíonn brú orthu. |
| **Caidrimh agus Cumarsáid a Chothú** |
| • Labhraíonn agus scríobhann sé nó sí ar bhealach soiléir, deisbhéalach agus ar bhealach a théann i bhfeidhm ar dhaoine;<br>• Éisteann sé nó sí go gníomhach, ag iarraidh peirspictíocht agus seasamh daoine eile a thuiscint;<br>• Bainistíonn agus réitíonn sé nó sí coinbhleachtaí/easaontais ar bhealach dearfach agus cuiditheach;<br>• Oibríonn sé nó sí go héifeachtach laistigh den phróiseas polaitiúil, ag aithint agus ag bainistiú aon teannas a eascraíonn as peirspictíochtaí páirtithe leasmhara éagsúla;<br>• Cuireann sé nó sí rudaí ina luí ar dhaoine eile; tógann sé nó sí comhthoil, gnóthaíonn sé nó sí comhoibriú ó dhaoine eile chun faisnéis a fháil agus chun cuspóirí a bhaint amach;<br>• Bíonn sé nó sí i dteagmháil go réamhghníomhach le comhghleacaithe ar gach leibhéal den eagraíocht agus ar fud Ranna/Eagraíochtaí eile agus tógann sé nó sí líonraí gairmiúla láidre;<br>• Cuirtear tuairimí in iúl nuair a bhraitheann sé nó sí go bhfuil sé ceart é sin a dhéanamh. |
| **Eolas Speisialtóra, Saineolas agus Féinfhorbairt** |
| • Forbraíonn agus cothabhálann sé nó sí scileanna agus saineolas thar roinnt réimsí atá ábhartha dá réimse agus a aithníonn daoine laistigh agus lasmuigh den Roinn/Eagraíocht;<br>• Coinníonn sé nó sí suas chun dáta le príomhbheartais rannacha, earnálacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus treochtaí eacnamaíocha, polaitiúla agus sóisialta a théann i bhfeidhm ar an ról;<br>• Coinníonn sé nó sí fócas láidir ar fhéinfhorbairt, ag lorg aiseolais agus deiseanna chun fáis |
| **Díocas agus Tiomantas do Luachanna na Seirbhíse Poiblí** |
| • Déanann sé nó sí a d(h)ícheall i gcónaí feidhmiú ar ardleibhéal;<br>• Taispeánann sé nó sí tiomantas pearsanta don ról, ag fanacht diongbháilteach agus dianseasmhach agus braistint na cothromaíochta agus peirspictíocht a choinneáil maidir le saincheisteanna oibre;<br>• Cuireann sé nó sí go dearfach leis an gclár oibre corparáideach;<br>• Tá sé nó sí iontaofa go pearsanta, macánta agus measúil, agus comhlíonann sé nó sí gealltanais agus tiomantais;<br>• Cinntíonn sé nó sí go bhfuil an saoránach i gcroílár na seirbhísí go léir a chuirtear ar fáil;<br>• Tá teacht aniar ann nó inti, coinníonn sé nó sí an-ghuaim air nó uirthi féin, fiú i gcásanna díobhálacha nó dúshlánacha;<br>• Cuireann sé cultúr chun cinn a chothaíonn na caighdeáin is airde eitice agus ionracais. |

**<u>Ráiteas Pearsanta</u>**

Ba cheart an Ráiteas Pearsanta a úsáid chun príomhghnóthachtálacha ábhartha uile an iarratasóra a tharraingt le chéile mar thacaíocht do chuspóirí na hOifige agus chun aird a tharraingt ar na buanna a thabharfadh sé nó sí don phost agus ar an bhfáth go measann sé nó sí gur cheart é nó í a roghnú.